**Admháil fála agus faisnéis faoi réamhchlabhsúr ilghearáin CHAP (2017) 1197**

In 2017 cuireadh mórchuid gearán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh á mhaíomh gur cuireadh i bhfeidhm go contráilte Airteagal 2.2.b) de Threoir 2003/35/CE[1], Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2001/42/CE[2], agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh [3]. Is le glacadh dhlí réigiúnach 2/2016 an 27 Meán Fómhair lenar leasaíodh an reachtaíocht pleanála turasóireachta ar La Gomera, La Palma agus El Hierro[4] a bhain an líomhain gur cuireadh dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go contráilte.

Tá na gearáin sin cláraithe ag an gCoimisiún Eorpach faoin tagairt CHAP (2017) 1197.

I bhfianaise an méid mhóir gearán a fuarthas maidir leis an gcás seo, tá á fhoilsiú ag an gCoimisiún, d'fhonn iad siúd ar fad lena mbaineann sé a chur ar an eolas agus d'fhonn acmhainní riaracháin an Choimisiúin a úsáid ar dhóigh éifeachtúil, tá á fhoilsiú aige an fógra seo ar an suíomh gréasáin Europa mar admháil ar na litreacha a fuair sé agus chun seoltóirí na litreacha sin a chur ar an eolas faoin toradh a bhí ar an scrúdú a rinne seirbhísí an Choimisiúin orthu.
Tar éis dó na líomhaintí a rinne na gearánaigh a scrúdú, ní raibh an Coimisiún in ann aon sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a aimsiú.

De réir na faisnéise atá ar fáil, níl glacadh aon phlean ná aon chláir i gceist le formheas dhlí 2/2016 ann féin. Is amhlaidh a rialaítear leis, ar dhóigh ghinearálta, cineál, cuspóir, inniúlacht agus nós imeachta formheasta na huirlise pleanála[5] agus nach bhformhuinítear leis pleananna ná tionscadail *ad hoc*. Dá bhrí sin, ní thugann dlí 2/2016 cead ná faomhadh do chur i bhfeidhm láithreach aon tionscadail.

Dá thoradh sin, na cearta faisnéise agus rannpháirteachais dá dtagraítear i dTreoir 2003/35, ní bheadh feidhm acu maidir le dlí 2/2016. Toradh ar dhíospóireacht pharlaiminteach a bheadh in inneachar dhlí 2/2016 agus sna leasuithe arna ndéanamh air. Mar sin féin, bheadh na cearta faisnéise agus rannpháirteachais faoi chosaint i ndáil le ISPTanna sonracha a phlé agus a ghlacadh amach anseo.

---

[1] Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas agus lena leasaítear, maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle. IO L 156, 25.6.2003, lgh. 17–25.

[2] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú.
IO L 197, 21.7.2001, lgh. 30–37.

[3] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh
IO L 326, 26.10.2012, lgh. 391–407.

[4] *Ley 2/2016, de 27 de septiembre, para la modificación de la Ley 6/2002, de 12 de junio, sobre medidas de ordenación territorial de la actividad turística en las islas de El Hierro, La Gomera y La Palma*.
Iris Oifigiúil na Spáinne (BOE) Uimh. 272, an 10 Samhain 2016.

[5] IPSTanna (acrainm le haghaidh *instrumentos de planificación singular turística,* – "uirlisí pleanála turasóireachta").

Is é dlí 21/2013 (lena dtrasuítear Treoir 2011/92/AE[6] agus Treoir 2001/42/CE i ndlíchóras na Spáinne) an córas comhshaoil a mbeadh feidhm aige maidir le IPSTanna. Ós rud é gur féidir ISPTanna a bheith de dhá chineál, ó thaobh dlí, is faoi réir Threoir 2001/42/CE a bheidís i gcás ina mbeidís ina n-uirlisí pleanála turasóireachta agus é d'aidhm acu cur i bhfeidhm infreastruchtúir turasóireachta ar na hoileáin a cheadú; agus, is faoi réir Threoir 2011/92/AE a bheidís i gcás ina mbeidís ina dtionscadail turasóireachta shonracha.

Ar na cúiseanna thuasluaite, is é tuairim sheirbhísí an Choimisiúin nár cruthaíodh gur sáraíodh Treoracha 2003/35/CE agus 2001/42/CE. Dá réir sin, ní mheastar aon sárú a bheith ann ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ach chomh beag.

Ina fhianaise sin ar fad, tá seirbhísí an Choimisiúin tagtha ar an gconclúid gurbh fhéidir an clabhsúr a chur ar an gcás seo.

Mar sin féin, má tá aon fhaisnéis nua ag aon cheann de na gearánaigh a d'fhéadfadh a léiriú gurb ann do shárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh, iarrtar air an fhaisnéis sin a chur chuig an gCoimisiún Eorpach laistigh de cheithre seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo. I ndiaidh na tréimhse sin, is féidir go gcuirfidh an Coimisiún an clabhsúr ar an gcás.

[6] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol.
IO L 26, 28.1.2012, lgh. 1–21.